2025. S61T

2025J137C1IL

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit
# State Examinations Commission

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2025

# Grafaic

## Comhleibhéal

Dé Máirt 10 Meitheamh Maidin 9:30 - 11:30

280 marc

**Stampa an Ionaid**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| Iomlán don Pháipéar | |
| Tionscadal an Dalta | |
| Móriomlán | |
| Grád | |

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe** ☐☐/☐☐/☐☐

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla






**Treoracha Ginearálta**:

- Freagair na ceisteanna go léir
- Ní mór na tógálacha go léir a thaispeáint go soiléir
- Tá na toisí go léir ina milliméadair
- Níor ghá go mbeadh na grafaicí a chuirtear i láthair tarraingthe de réir scála
- Críochnaigh do chuid freagraí sna spásanna a chuirtear ar fáil sa leabhrán seo
- Nuair atá T-bhacart á úsáid agat, is féidir clúdach cúil an leabhráin seo a fheistiú ar do chlár líníochta nó ar do dheasc, agus téip á úsáid
- Tá spás d'obair bhreise ag deireadh an leabhráin seo

  Cuir lipéad ar aon obair bhreise dá leithéid le huimhir agus cuid na ceiste
- Ní mór an leabhrán seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe.

**1.** **(a)** Taispeántar sa tábla thíos cúig théarma a bhaineann leis an gcón.
Críochnaigh an tábla trí gach téarma a mheaitseáil leis an litir cheart.

Tá an chéad téarma críochnaithe duit.

| | |
|---|---|
| **A** |  |
| **B** |  |
| **C** |  |
| **D** |  |
| **E** |  |

| | |
|---|---|
| **GINEADÓIR** | E |
| **PARABÓIL** | |
| **ÉILIPS** | |
| **CIORCAL** | |
| **TRIANTÁN** | |

**(b)** Úsáid ✓ le cur in iúl cibé acu **fíor** nó **bréagach** atá gach ceann de na ráitis seo.


| | | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Is mar ciorcal a léirítear ingearchló dronchóin. | ☐ | ☐ |
| **(ii)** | Is mar éilips a léirítear bonnchló dronchóin. | ☐ | ☐ |
| **(iii)** | Tá ais dronchóin ingearach lena bhonn. | ☐ | ☐ |


**(c)** Taispeántar san íomhá ar dheis dearadh le haghaidh cruinneoige.

Críochnaigh dearadh na cruinneoige trí(d):

**(i)** Lár an chiorcail a aimsiú.

**(ii)** An líníocht a chríochnú mar a thaispeántar san íomhá ar dheis.
Taispeáin na tógálacha go léir go soiléir.







**2.** **(a)** Taispeántar imlíníocht siombaile Chló Sráide Google.

Scríobh síos neasachar na siombaile ina aonaid chearnógacha.

1 chearnóg = 1 aonad cearnógach.

**Achar na siombaile =** ☐ **aonad cearnógach**.






**(b)** Taispeántar san íomhá ar dheis comhartha le haghaidh láithreán campála.
Taispeántar thíos ingearchló agus bonnchló imlíneach de chomhartha comhchosúil.


Teilg ingearchló cúnta ar an líne **$X_1$-$Y_1$**, chun fíorchruth chomhartha an láithreáin champála a thaispeáint.




**(c)** Taispeántar thíos cló pictiúrtha binse páirce ar ghreille isiméadrach.


Sa ghreille chearnógach atá curtha ar fáil déan **sceitse saorláimhe** d'ingearchló **agus** de bhonnchló an bhinse.




**(d)** Taispeántar thíos forbairt chonchró taistil le haghaidh peata.

Taispeántar ar dheis trí íomhá de chonchróite éagsúla roimh fhorbairt.


Ó na híomhánna ar dheis, úsáid ✓ chun an mheaitseáil cheart don fhorbairt a thaispeántar thíos a chur in iúl.






**3.** **(a)** Taispeántar thíos ingearchló agus bonnchló cóin tráchta.

Sa spás atá curtha ar fáil, tarraing **sceitse pictiúrtha saorláimhe** den chón tráchta.
Cuir dath **nó** scáth ar an sceitse.




**(b)** Taispeántar comhartha bóthair ar dheis.
Taispeántar thíos imlíne comhartha chomhchosúil.


Roinn **AB** ina sé chuid chothroma, agus críochnaigh líníocht an chomhartha bóthair thíos.




Cuir dath **nó** scáth ar an líníocht chríochnaithe.

A B

**(c)** Taispeántar ar dheis comhartha stop.
Tá imlíne an chomhartha stop bunaithe ar pholagán rialta.





**(i)** Ainmnigh an polagán.

**(ii)** Scríobh síos tomhas na huillinne **A**.

**(d)** Taispeántar ar dheis miosúr.
Taispeántar thíos trí thomhas **A**, **B**, agus **C** atá marcáilte ar an miosúr.



Sna spásanna atá curtha ar fáil, scríobh síos toisí **A**, **B**, agus **C**.





**A** =

**B** =

**C** =

**(e)** Taispeántar thíos ingearchló imlíneach miosúir chomhchosúil.

Tarraing miosúr nua comhchosúil leis an miosúr a thugtar agus an airde **AB** méadaithe go **$AB_1$**.



**(f)** Taispeántar san íomhá thíos dearadh le haghaidh rollóir bóthair.


Tarraing:

**(i)** Ingearchló sa treo ina bhfuil an tsaighead **A**.

**(ii)** Bonnchló teilgthe ón ingearchló.

**(iii)** Taobhchló sa treo ina bhfuil an tsaighead **B**.

**(iv)** San ingearchló, cuir dath **nó** scáth ar an dromchla **nach** fíorchruth é.







| Roimhe | Lch | Iom. reatha |
| --- | --- | --- |
| | | |

**4.** Díolann cuideachta raon bréagán oideachasúil le haghaidh leanaí.


**(a)** Taispeántar thíos garáiste bréagáin.

Sa spás atá curtha ar fáil, tarraing sceitse **saorláimhe** dea-chomhréirithe d’**ingearchló** an gharáiste, sa treo ina bhfuil an tsaighead **A**.





**(b)** Taispeántar thíos cruach de bhloic thógála le haghaidh linbh.

Sa spás atá curtha ar fáil, scríobh síos líon na mbloc atá sa chruach.




Líon na mbloc:


**(c)** Taispeántar íomhá 3T de phuzal cruachta thall.
Taispeántar thíos bonnchlónna de phuzail chomhchosúla.



Agus ✓ á úsáid agat, cuir in iúl cén **ceann** de na bonnchlónna thíos a mheaitseálann an íomhá 3T a thugtar.




**(d)** Taispeántar ar dheis ingearchló liathróid bhabhlála **A** agus phionna **B** agus iad i dteagmháil.
Taispeántar thíos líníocht neamhchríochnaithe den trealamh bhabhlála.




**(i)** Ar an líníocht thíos, aimsigh gach pointe teagmhála idir cuair an phionna bhabhlála.


**(ii)** Críochnaigh an líníocht thíos trí lár na liathróide **A** a aimsiú agus í a tharraingt i dteagmháil leis an bpionna **B** mar a thaispeántar.


Taispeáin na tógálacha go léir.



**(e)** Taispeántar thíos líníocht pheirspictíochta neamhchríochnaithe de gharáiste bréagáin.

Taispeántar freisin grafaic 3T. Críochnaigh an líníocht pheirspictíochta den gharáiste bréagáin.




**5.**

**(a)** Taispeántar thíos lógó neamhchríochnaithe le haghaidh ionad éanbhreathnaithe ag láithreán campála.


Críochnaigh an lógó trí shiméadracht aiseach a thógáil ar an líne **L**-**L**$_1$.





**(b)** Taispeánann na híomhánna thall faighneog ghlampála. San áireamh sa dearadh tá an pharabóil **doc** lena rinn ag **o**.

Tarraing an pharabóil **doc** sa dronuilleog **abcd** thíos agus críochnaigh ingearchló na faighneoige agus an doras san áireamh ann.










**(c)** Taispeántar san íomhá thall máilléad chun piotóin phubaill (pionnaí campa) a thiomáint isteach sa talamh.

Taispeántar thíos imlíne máilléid chomhchosúil agus piotón pubaill.

Atarraing an máilléad thíos, agus é rothlaithe tuathal timpeall ar an bpointe **O** go dtí go sroicheann an pointe **A** an líne **LL**$_1$.








**(d)** Taispeántar puball san íomhá thall.

Taispeántar thíos bonnchló, ingearchló, agus taobhchló neamhchríochnaithe pubaill chomhchosúil.

**(i)** Críochnaigh taobhchló an phubaill.

**(ii)** Críochnaigh innéacsú an taobhchló ón ingearchló agus ón mbonnchló a thugtar.






**(e)** Taispeántar ar dheis líníocht thoisithe den lógó le haghaidh láithreáin campála.


Is leathéilips é an cuar **ABC**. Is leath den mhion-ais é **OB**, agus is iad $\mathbf{F_1}$ agus $\mathbf{F_2}$ pointí fócais an éilips. Is tadhall leis an éilips é **DP** ón bpointe **D**. Is stua é **QRS**.

**(i)** Tugtar thíos fad leath na mion-aise **OB**, na pointí fócais $\mathbf{F_1}$ agus $\mathbf{F_2}$, agus suíomh na mór-aise. Aimsigh fad na mór-aise agus tarraing an leathéilips.

**(ii)** Aimsigh lár an stua **QRS** agus tarraing an stua.

**(iii)** Agus na toisí a thugtar á n-úsáid, críochnaigh líníocht an lógó.



Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**

D’fhéadfadh sé go mbeadh téacs nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach bhfuil úinéireacht chóipchirt ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit orthu, agus a d’fhéadfadh a bheith curtha in oiriúint chun críche measúnaithe, gan réamhchead an údair/na n-údar. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) d’Acht Cóipchirt agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear úsáid ar bith dá éis le haghaidh críche seachas an cuspóir atá beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún le dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a d’eascródh as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

# Grafaic

Dé Mairt, 10 Meitheamh
Maidin, 9:30 - 11:30